

SEOMRA AN CHLÓ-CHUR AG NUAHTÁN MÓR

Níl níd dá n-éirigheann ar fud an domhain nach bhfoillsighthe ar an nuachtán é, ach é bheith beagán as an ngnáthach. Níorbh iongnadh le duine ar bith a chlos gur rugadh laogh ceithre chos, ach dá mbeirí laogh cúig chos nó laogh sé chos, ní bheadh blas ar a mbricfeasta ag na daoine fásta muna mbeadh an sgéal san nuachtán ar an mbord aca. Ba chuma le gach uile dhuine Herr Muller dé mbadh fear cóir é. Ach má mheasgann sé uisge tríd an mbainne agus an measgán a dhíol mar uachtar, bíonn tuairsg ina thaobh ar gach nuachtán i n-aindheoin a ndéanfaidhe le na choinneál faoi cheilt.

Ar shiubhlais ariamh thar oifig nuachtáin san oidhche? Má shiubhlais chuala tú an clogarnach agus an gliodar agus an gleo mhór go tormánach a bhíos chomh hárda sin go gcuireann sé na ballaí féin ag craiththeadh.